

Ceannaitheoirí tí gan Ghaeilge



Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhaoine atá ag ceannach tithe sa Ghaeltacht agus gan Gaeilge a bheith acu. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí thíos?

- *official complaint* _____
- *language stipulation* _____
- *housing estate* _____
- *statutory duty* _____
- *Freedom of Information Act* _____
- *appeal* _____
- *housing scheme* _____
- *community committees* _____
- *organisations* _____
- *fail* _____
- *possibilities* _____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceistanna seo a leanas:

1. Cén t-eolas atá faighte ag TG4 faoi Chomhairle Contae Chiarraí?
2. Cén bhaint atá ag Donncha Ó hÉallaithe leis an scéal?
3. Cén tuairim atá ag Cathal Ó Conchúir faoin bhfadhb?

Ceist 3

'...tá gearán oifigiúil **déanta**...'

- A. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal i gcló trom?
- B. Éist leis an tuairisc arís agus breac síos na samplaí eile den ghné chéanna a chloiseann tú inti.

Ceist 4 Cuir an t-alt roimh na hainmfhocail thíos. An bhfuil siad baininsneach nó firinsneach?

- Coimisinéir Teanga
- Acht um Shaoráil Faisnéise
- achomharc
- aighneacht
- Comhairle Contae
- coinníoll teanga
- Bord Pleanála
- tuairim
- féidearthacht

Ceist 5 ‘...teip ar...’

Cuir na briathra frásacha seo a leanas in abairtí lena mbrí a léiriú.

- teip ar
- éirigh as
- éirigh le
- bain le
- tabhair faoi

Ceist 6 Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Ar cheart go mbeadh Gaeilge ag daoine chun teach a cheannach sna Gaeltachtaí, dar leat?
2. Cad is cúis le meath na Gaeilge sna Gaeltachtaí, dar leat?
3. An bhfuil níos mó Gaeilge ag déagóirí na tíre sa lá atá inniu ann ná mar a bhí fiche bliain ó shin?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

<i>official complaint</i>	gearán oifigiúil
<i>language stipulation</i>	coinníoll teanga
<i>housing estate</i>	eastát tithíochta
<i>statutory duty</i>	dualgas reachtúil
<i>Freedom of Information Act</i>	an tAcht um Shaoráil Faisnéise
<i>appeal</i>	achomharc
<i>housing scheme</i>	scéim tithíochta
<i>community committees</i>	coistí pobail
<i>organisations</i>	eagraíochtaí
<i>fail</i>	teip ar
<i>possibilities</i>	féidearthachtaí

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

- A. An aidiacht bhriathartha.
B. *Déanta, curtha, briste, faighte, luaite, briste, agus curtha.*

Ceist 4

an Coimisinéir (fir.) Teanga
an tAcht (fir.) um Shaoráil Faisnéise
an t-achomharc (fir.)
an aighneacht (bain.)
an Chomhairle (bain.) Contae
an coinníoll (fir.) teanga
an Bord (fir.) Pleanála
an tuairim (bain.)
an fhéidearthacht (bain.)

Ceist 5

teip ar – *fail*
éirigh as – *retire, give up*
éirigh le – *succeed*
bain le – *pertain, apply*
tabhair faoi – *attempt, undertake*

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Tá gearán oifigiúil déanta le hOifig an Choimisinéara Teanga faoi nach bhfuil Comhairle Contae Chiarraí ag cur coinníoll teanga i bhfeidhm in eastát tithíochta i nGaeltacht Chiarraí. Tá sé curtha i leith na Comhairle go bhfuil an dlí briste acu, de bharr nár chuir siad oiread agus scrúdú teanga amháin ar cheannaitheoirí tí le 10 mbliana anuas, ainneoin dualgas reachtúil a bheith ar an gComhairle a leithéid a dhéanamh.

Irene Ní Nualláin

Léiríonn eolas atá faighte ag Nuacht TG4 faoin Acht um Shaoráil Faisnéise nach bhfuil an coinníoll teanga atá ar eastáit tithíochta i nGaeltachtaí na tíre á chur i bhfeidhm ag formhór de na Comhairlí Contae.

Rinne Donncha Ó hÉallaithe achomharc chuig an mBord Pleanála in 2004, maidir le cead pleanála a tugadh do scéim tithíochta i gcroílár Ghaeltacht Iarthar Dhuibhneach, gan aon choinníoll teanga a bheith luaite leis. D'éirigh leis an achomharc agus leag an Bord Pleanála coinníoll teanga ar an bhforbairt. Ach níor chuir Comhairle Contae Chiarraí an coinníoll teanga i bhfeidhm. Níor cuireadh oiread is scrúdú béil amháin ar éinne¹ a cheannaigh teach sna heastáit.

Ach cén fáth go² mbeadh duine i gConamara ag déanamh achomhairc faoi scéim tithíochta i gCiarraí?

Donncha Ó hÉallaithe, Indreabhán

An fáth ar fágadh fúmsa é an aighneacht seo a dhéanamh mar gheall ar nach raibh Roinn na Gaeltachta ag an am, faoi cheannas Éamoin Uí Chuív, ná Údarás na Gaeltachta, sásta dul chuig an mBord Pleanála faoi chásanna mar seo. Agus níl siad fós sásta dul chuig an mBord Pleanála. Tá siadsan ag fágaint³ na gcúraimí seo ar dhaoine aonaracha nó ar choistí pobail, rud atá scannalach amach is amach. Anois, ag an bpointe seo, tá mise ag déanamh gearáin – mé féin go pearsanta, tá mé ag déanamh gearáin leis an gCoimisinéir Teanga faoi seo, go ndéanfaidh siad fiosrú faoi seo, mar i mo thuairimse tá dlí na tíre briste ag Comhairle Contae Chiarraí sa gcás⁴ seo.

Irene Ní Nualláin

Tá ionadaithe pobail áirithe den tuairim go gcaithfear cúraimí coinníoll teanga a leagan ar eagraíochtaí eile anois lena chinntiú go ndéanfar an teanga a chosaint.

An Comhairleoir Cathal Ó Conchúir

Is dóigh liom go gcaithfidimid breathnú ar bhealaí eile le haghaidh an córas a chur i bhfeidhm. Ceann de na rudaí a fheiceann tú le Comhairle Contae na Gaillimhe ná go bhfuil chuile⁵ dhuine ag fáil fríd⁶ an gcóras, nach bhfuil ag teip ar dhuine ar bith, so níl a fhios againn an bhfuil sé curtha i gcrích i gceart ar chor ar bith. So, caithfidimid breathnú, is dócha, mar chuid den phróiseas teanga seo agus an phleanáil teanga ... caithfidimid breathnú ar fhéidearthachtaí eile le haghaidh an teanga a chur chun cinn.

Irene Ní Nualláin

Ní raibh Roinn na Gaeltachta sásta aon ráiteas a dhéanamh faoin scéal inniu.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4, Gaillimh.

¹ aon duine an leagan caighdeánach

² a mbeadh an leagan caighdeánach

³ fágáil an leagan caighdeánach

⁴ Córas Chonnacht

⁵ gach uile an leagan caighdeánach

⁶ tríd an leagan caighdeánach